Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**12099/20**
**ADD 1**

**AGRI 367**
**ENV 645**
**PESTICIDE 33**
**PHYTOSAN 24**
**FORETS 33**
**SAN 367**
**VETER 44**
**PECHE 329**
**MARE 27**
**ECOFIN 949**
**RECH 407**
**SUSTDEV 137**
**DEVGEN 140**
**FAO 24**
**WTO 279**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11822/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' - *Conclúidí ón gComhairle* (19 Deireadh Fómhair 2020) |

I gceangal leis seo, gheobhaidh na toscaireachtaí ráitis ó thoscaireachtaí Phoblacht na Seice agus na hUngáire a chuirfear isteach i miontuairiscí na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN I**

An Aireacht Talmhaíochta 19 Deireadh Fómhair 2020
Poblacht na Seice

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice faoi na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'**

I dtaca leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', seo a leanas ráiteas maidir le seasamh Phoblacht na Seice ina dtaobh.

Tugann Poblacht na Seice dá haire an Teachtaireacht a d'fhoilsigh an Coimisiún dar teideal A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol]. Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice an treo ginearálta atá faoin Straitéis agus is mian léi go ndéanfaí spriocanna a shaothrú maidir le cosaint na timpeallachta, na hithreach, an uisce, agus an aeir ach go n-áiritheofaí san am céanna gur go hinbhuanaithe a tháirgfear bia san Aontas. Mar sin féin, measann Poblacht na Seice go bhfuil na cuspóirí sonracha atá leagtha síos ag an gCoimisiún Eorpach ró-uaillmhianach agus is eagal léi go bhfágfar drochthionchar tromchúiseach ar iomaíochas agus táirgiúlacht na hearnála agraibhia Eorpaí trí chéile agus na cuspóirí sin á mbaint amach.

I bhfianaise na n-iarmhairtí a d'fhéadfadh an Straitéis a fhágáil i bhfad is i ngearr – bíodh is nach togra reachtach í – iarrann Poblacht na Seice ar an gCoimisiún Eorpach anailís mhionsonraithe a chur ar fáil maidir leis an lorg a d'fhéadfaí a fhágáil ar earnáil an agraibhia san Aontas féin agus sna Ballstáit aonair. Ní mór an lorg comhshaoil sóisialta agus eacnamaíoch a bheidh ag na spriocanna a bheith ar eolas i bhfad sula ndéanfar aon chinneadh substaintiúil.

I dtaca le pé moltaí sonracha a ullmhóidh an Coimisiún do gach aon Bhallstát, iarrann Poblacht na Seice ar na gCoimisiún Eorpach sainiúlachtaí náisiúnta na mBallstát a thabhairt san áireamh san obair sin. Go háirithe, na hiarrachtaí a rinneadh roimhe seo chun an comhshaol a chosaint, agus úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha, i measc réimsí eile; a bhfuil déanta go dtí seo den dul chun cinn agus a bhfuil d'acmhainneacht ann na spriocanna atá beartaithe a bhaint amach.

**IARSCRÍBHINN II**

**Ráiteas ón Ungáir faoi na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'**

Aontaíonn toscaireacht na hUngáire nach mór d'earnáil na talmhaíochta rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais ach is díol béime di gur trí bhíthin an nós imeachta rialála caighdeánaigh ba bheite an tsineirge leis an Athchóiriú atáthar a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta a shaothrú.

Tá an chuma air nach féidir cuid de na tairseacha a luaitear sa Straitéis a bhaint amach, tairseacha nach luaitear aon bhunlíne leo, nó go bhféadfaí ualach díréireach a tharraingt ar na Ballstáit dá bharr. Measaimid go háirithe go bhfuil an laghdú 50 % atá le cur ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha anuas ar an laghdú a baineadh amach go dtí seo, mar aon leis gcuspóir gur feirmeoireacht orgánach a bheadh i 25 % den fheirmeoireacht, i bhfad ró-uaillmhianach. I dtaca le lotnaidicídí agus leasacháin, ba cheart a chur san áireamh sna spriocanna maidir le laghdú a bhfuil bainte amach go dtí seo agus úsáid iarbhír reatha na substaintí sin sna Ballstáit.

Is díol aiféala don Ungáir gur foilsíodh an Straitéis gan aon mheasúnú déanta ar na hiarmhairtí a d'eascródh as cur i bhfeidhm na spriocanna sin. Ní fios, más ea, cén lorg a d'fhágfadh an Straitéis ar iomaíochas na bhfeirmeoirí Eorpacha. Measann an Ungáir nár tugadh aghaidh mar is cóir go fóill ar an gcothromaíocht a theastaíonn idir cuspóirí Conradhbhunaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta agus na cuspóirí sin a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus aeráide.

Is den ríthábhacht gur bunaithe ar chúlra stóinseach dlí agus i gcomhréir lena mbeidh ar fáil d'fhoinsí a bheidh pé rannchuidiú a thabharfar faoin gComhbheartas Talmhaíochta do spriocanna na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'. Níor cheart d'fheirmeoirí ach na ceanglais sin atá sna gníomhartha bunúsacha nó i reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais a chomhlíonadh. Ós amhlaidh atá, níor cheart don Choimisiún na Pleananna Straitéiseacha náisiúnta a mheasúnú ach i dtaca le critéir lena ngabhann bunúis iomchuí dlí. Má chinneann Ballstát beartais nach ionann agus a bhfuil molta ag an gCoimisiún a roghnú, níor cheart aon iarmhairtí dlíthiúla a bheith ag gabháil leis sin a mhéid a bhaineann le Pleananna Straitéiseacha náisiúnta an Chomhbheartais Talmhaíochta a ghlacadh.